Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**10059/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0158 (NLE)**

**AGRI 222**
**FORETS 18**
**DEVGEN 108**
**ENV 453**
**RELEX 576**
**JUR 374**
**PROBA 17**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Iúil 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 341 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 341 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 341 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2020
COM(2020) 341 final

2020/0158 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Moltar sraith beart sa Phlean Gníomhaíochta i ndáil le Forghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT)[1] a d'fhormhuinigh an Chomhairle in 2003[2], lena n-áirítear, tacaíocht do na tíortha táirgthe adhmaid, comhoibriú iltaobhach a dhéanamh d'fhonn dul i ngleic leis an trádáil sa lománaíocht neamhdhleathach, tacaíocht do thionscnaimh de chuid na hearnála príobháidí, agus bearta d'fhonn an infheistíocht i ngníomhaíochtaí a spreagann an lománaíocht neamhdhleathach a dhíspreagadh. Comhpháirtíochtaí FLEGT idir an tAontas agus tíortha táirgthe adhmaid a bhunú, darb aidhm deireadh a chur leis an lománaíocht neamhdhleathach, sin é is cloch choirnéil den Phlean Gníomhaíochta. In 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach[3], sásra lenar féidir fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an adhmaid a allmhairítear go dtí an tAontas Eorpach faoi chomhpháirtíochtaí FLEGT.

In 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún comhaontaithe comhpháirtíochta FLEGT a chaibidliú le tíortha táirgthe adhmaid [4].

Chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Hondúras in 2013. Choimeád an Coimisiún an Chomhairle cothrom le dáta go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn, le tuarascálacha chuig an Meitheal um Fhoraoiseacha agus misin na mBallstát in Hondúras. Chuir an Coimisiún na forbairtí idirbheartaíochta in iúl do Pharlaimint na hEorpa freisin. Thairg na páirtithe cruinnithe poiblí go tráthrialta tar éis seisiún caibidlíochta chun na páirtithe leasmhara a choimeád cothrom le dáta maidir leis an bpróiseas.

Téann an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas agus Hondúras (an Comhaontú) i ngleic le gach gné de na treoracha caibidlíochta ón gComhairle. Go háirithe, bunaítear ann an creat, na hinstitiúidí agus na córais don chóras dearbhaithe i dtaca le Dlíthiúlacht Adhmaid do scéim ceadúnúcháin FLEGT. Leagtar amach freisin an creat le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar an gcóras. Tá tiomantas soiléir ó Hondúras san áireamh sa Chomhaontú reachtaíocht a fhorbairt a áiritheoidh go ndéantar an t-adhmad a allmhairítear isteach i Hondúras a lománú go dleathach i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme i dtír an tsaothraithe. Leagtar na gnéithe seo amach in iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, iarscríbhinní ina bhfuil tuairisc mhionsonraithe ar na struchtúir a bheidh mar bhonn taca le forbairt agus le cur chun feidhme Chóras Hondúras um Dhearbhú Dlíthiúlachta Adhmaid, chomh maith le critéir chun measúnú a dhéanamh ar oibríochtúlacht sula ndéanfar cinneadh amach anseo maidir le tús scéim ceadúnúcháin FLEGT.

Is é is aidhm don Chomhaontú rialachas foraoise agus forghníomhú an dlí a neartú, agus, trí bhíthin scéim ceadúnúcháin FLEGT, cuirfidh sé in iúl do mhargadh an Aontais gur ó adhmad arna lománú go dleathach a thagann an t-adhmad a onnmhairítear ó Hondúras. Nuair a eiseofar ceadúnais FLEGT, éascóidh an Comhaontú comhlíontacht na allmhaireoirí an

[1] COM(2003) 251.
[2] IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.
[3] IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.
[4] Doiciméad srianta 10229/2/05 ón gComhairle (arna dhí-rúnaicmiú an 24 Meán Fómhair 2015).

Aontais le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh[5] ina sonraítear go meastar gur lománadh adhmad agus táirgí adhmaid a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT go dleathach chun críocha an Rialacháin sin.

Bunaítear leis an gComhaontú sásra don idirphlé agus don chomhar idir an tAontas agus Hondúras maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT, trí Chomhchoiste Cur Chun Feidhme. Ina theannta sin, bunaítear leis an gComhaontú prionsabail maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, coimircí sóisialta, cuntasacht agus trédhearcacht, agus sásraí maidir le gearáin faoi chur chun feidhme an Chomhaontaithe, faireachán a dhéanamh air, agus tuairisciú a dhéanamh.

Níl an Comhaontú teoranta don chumhdach táirgí a mholtar in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 agus a chumhdaíonn réimse leathan allmhairí táirgí adhmaid.

Déantar foráil sa Chomhaontú maidir le rialú allmhairí ag teorainneacha an Aontais, mar a fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT agus i Rialachán (CE) Uimh. 1024/2008 lena leagtar síos bearta mionsonraithe chun é a chur chun feidhme. Áirítear sa Chomhaontú tuairisc ar cheadúnas FLEGT Hondúras, ceadúnas a bhaineann úsáid as an bhformáid a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme thuasluaite.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 mar go measfar gur go dleathach a lománadh na táirgí adhmaid a chumhdófar leis na ceadúnais FLEGT a eiseofar i Hondúras i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta FLEGT an Aontais, tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ábhartha do bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt mar nach amháin go gcuireann sé chun cinn trádáil an adhmaid a lománadh go dleathach, ach féachann sé freisin le rialachas foraoise a neartú i Hondúras trí fheabhas a chur ar trédhearcacht, cuntasacht, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Ós rud é go neartóidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, cuirfidh an tionscnamh seo leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide trí astaíochtaí laghdaithe ón dífhoraisiú agus ó dhíghrádú foraoisí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad an chéad fhomhír d’Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) an bunús dlí atá molta, i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Agus aird á tabhairt ar chuspóir agus ar ábhar an Chomhaontaithe, lena gcuirtear ar fáil an creat dlíthiúil arb aidhm dó a áirithiú gur táirgeadh go dleathach na hallmhairí uile isteach san Aontas Eorpach ó Hondúras d'adhmad agus de tháirgí adhmaid a chumhdaítear leis an gComhaontú, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas é a thabhairt chun críche i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 207(4) CFAE. Le

[5] IO L 295, 12.11.2010, lch. 23.

hAirteagal 218(5) CFAE, déantar an Chomhairle a chumhachtú cinneadh a ghlacadh lena n-údarófar síniú an chomhaontaithe ar thogra ón idirbheartaí.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Tá conclúid an Chomhaontaithe ag teacht le Plean Gníomhaíochta FLEGT an Aontais agus ní théann sé thar is gá chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfadh an Chomhairle cinntí lena n-údarófar síniú comhaontuithe idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

2020/0158 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mBealtaine 2003, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): Proposal for an EU Action Plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE][1] inar iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta sin i nDeireadh Fómhair 2003[2] agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar 11 Iúil 2005[3].

(2) An 5 Nollaig 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontaithe comhpháirtíochta le tíortha táirgthe adhmaid chun an Plean Gníomhaíochta an Aontais um Fhorfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí a chur chun feidhme.

(3) An 20 Nollaig 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh 2173/2005[4] lenar bunaíodh scéim ceadúnúcháin FLEGT i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach ó thíortha lenar thug an tAontas comhaontuithe comhpháirtíochta saorálaí i gcrích.

(4) Tugadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht le Hondúras i ngeall ar thabhairt i gcrích Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (dá ngairfear "an Comhaontú" anseo feasta) le inisealú an Chomhaontaithe an 14 Meitheamh 2018.

---

1 COM(2003) 251.

2 IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.

3 IO C 157E, 6.7.2006, lch. 482.

4 Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Hondúras i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin.

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe atá le síniú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine a shonróidh idirbheartaí an Chomhaontaithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*